Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8727/21**

**AUDIO 53**
**SOC 265**
**DIGIT 59**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8025/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú' |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le 'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú', mar a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 17 agus an 18 Bealtaine 2021.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**

**'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú'**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI NA DOICIMÉID TAGARTHA MAR A LEAGTAR AMACH IAD SAN IARSCRÍBHINN

AG MEABHRÚ DI

1. Go bhfuil earnáil Eorpach na meán[1] éagsúil agus leathan agus go n-áirítear inti na meáin uile eagarthóireachta amhail na meáin nuachta, chomh maith leis an earnáil closamhairc níos leithne, agus go bhfuil ról lárnach aici in iomaíochas na hEorpa, san éagsúlacht chultúrtha, i bhfolláine saoránach agus sa díospóireacht dhaonlathach.

2. Na conclúidí is déanaí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint, ina ndearnadh cur síos ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo d'earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, go háirithe maidir lena n-inbhuanaitheacht, rud atá ríthábhachtach d'athléimneacht agus do théarnamh gheilleagar na hEorpa.

3. Go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis béim a chur ar na hathruithe suntasacha a bhí ag tarlú cheana féin in earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc mar thoradh ar an domhandú agus ar an digiteáil , rud a mhéadaíonn an gá atá ann ár sócmhainní straitéiseacha cultúrtha Eorpacha a chaomhnú agus a chosaint.

---

[1] Chun críocha na gconclúidí reatha, tagairt do earnáil na meán ina cuid éagsúlachta ar fad is ea 'na meáin nuachta agus closamharc'.

4. Mórthionchar na paindéime ar earnálacha Eorpacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, lena n-áirítear caillteanais shuntasacha ioncaim ón bhfógraíocht, dúnadh na bpictiúrlann agus scannánaíocht a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, staid na ndáileoirí scannán atá ag lagú agus an phíoráideacht ar-líne ag méadú.

5. Go bhfuil ról tábhachtach ag earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc le linn na paindéime trí fhaisnéis agus siamsaíocht a chur ar fáil do shaoránaigh le linn dianghlasála agus srianta.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

6. Mar thoradh ar spéiseanna agus sainiúlachtaí áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta, a léiríonn éagsúlacht agus iolrachas luachmhar cultúrtha agus teanga na hEorpa, agus a chomhlíonann riachtanais agus éilimh shonracha náisiúnta nó réigiúnacha, d'fhéadfaí ilroinnt margaidh a bheith ann. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun tionscal closamhairc na hEorpa a chumasú chun margaí agus lucht féachana agus éisteachta níos leithne agus níos éagsúla san Eoraip agus níos faide i gcéin a shroicheadh.

7. Is den ríthábhacht é rochtain chuimsitheach neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní meán agus closamhairc a chur chun cinn do na saoránaigh uile, rud a chuirfidh ar chumas na saoránach rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu sa díospóireacht dhaonlathach. Tá sé chomh tábhachtach céanna rannpháirtíocht chuimsitheach gairmithe éagsúla i slabhra luacha na meán a chur chun cinn. Ó thaobh rochtana de, ba cheart, *inter alia*, comhionannas inscne, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh agus cothromaíocht gheografach a chur san áireamh.

8. Tá ról lárnach ag meáin na seirbhíse poiblí maidir le seasamh leis an gceart chun tuairimí a nochtadh, chun go mbeidh daoine in ann faisnéis iontaofa agus fhíorasach a fháil agus chun bunluachanna an daonlathais a chur chun cinn.

9. Tá géarghá leis an méid a leanas:

a) claochlú digiteach earnáil na meán nuachta agus earnáil an chlosamhairc a chur chun cinn chun na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí nuálacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a thapú;

b) an margadh aonair digiteach a fhorbairt a thuilleadh chun iomaíochas domhanda agus clúdach trasteorann na hearnála closamhairc laistigh den Eoraip a neartú, agus chun tacú le hábhar áitiúil agus le héagsúlacht chultúrtha ag an am céanna;

c) a aithint gur minic samhlacha gnó atá ann cheana san earnáil closamhairc a bheith bunaithe ar leithdháileadh an cheadúnúcháin ar bhonn críochach agus go heisiach, go bhfuil siad ríthábhachtach i gcónaí don tsaoirse cruthaitheachta, don mhaoiniú agus don inbhuanaitheacht agus go gcuirtear bonn ar fáil leo chun samhlacha nua gnó a fhorbairt san earnáil seo.

10. Tá inbhuanaitheacht na hiriseoireachta ar ardchaighdeán, próisis eagarthóireachta atá bunaithe ar eitic agus caighdeáin iriseoireachta, trédhearcacht úinéireacht na meán agus litearthacht sna meáin ríthábhachtach chun muinín sna meáin nuachta a dhoimhniú, rud a fhágfaidh go mbeidh siad níos éifeachtaí chun cosc a chur ar scaipeadh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise agus chun an mhífhaisnéis agus an bhréagaisnéis sin a bhréagnú.

11. De bharr inbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais agus éagsúlú foinsí maoinithe, is athléimní a bheidh na meáin nuachta ar an athrú eacnamaíoch, agus cuidíonn siad le fás san iriseoireacht ar ardcháilíocht, neamhspleáchas na meán agus tuairisciú neamhghnách.

12. Leis an tacaíocht a thugtar d’earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, níor cheart an bonn a bhaint de phrionsabail an neamhspleáchais eagarthóireachta, saoirse na meán agus saoirse ealaíne, agus ba cheart an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an t-iolrachas agus éagsúlacht an ábhair a chur chun cinn.

13. Tá ról tábhachtach ag earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc chun aghaidh a thabhairt ar an gComhaontú Glas don Eoraip, trí chleachtais ghnó agus samhlacha gnó inbhuanaithe agus a gclúdach iriseoireachta, rud a chuireann le díospóireacht eolach.

14. Ba cheart tairbhe a bheith ann do gach cuid den slabhra luacha mar thoradh ar chlaochlú earnáil na meán, arb é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta é, lena n-áirítear pictiúrlanna agus féilte, ar moil chultúrtha agus nuálaíochta iad lena gcuirtear deiseanna feabhsaithe ar fáil don idirghníomhú sóisialta agus chun ábhar closamhairc nua a chur chun cinn. Tá sé ríthábhachtach freisin ról an leithdháilte a threisiú.

AN MÉID A LEANAS Á CHUR I dTÁBHACHT DI:

15. Na hionstraimí airgeadais agus na gníomhaíochtaí airgeadais is féidir a úsáid chun tacú le hearnálacha na meáin nuachta agus an chlosamhairc, go háirithe i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, amhail:

a) ar an leibhéal náisiúnta, ag gníomhaireachtaí scannán agus closamhairc agus rialtais.

b) ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear trí chlár Eoraip na Cruthaitheachta do 2021-2027, Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus InvestEU; agus

c) Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus na bearta a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ón gCiste Comhtháthaithe.

IS DÍOL SÁSAIMH DI:

16. Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin a dearadh chun dlús a chur le téarnamh agus claochlú na meán nuachta agus na n-earnálacha closamhairc agus chun cur lena n-athléimneacht, agus ar an gcaoi sin bealaí a chur ar fáil chun inbhuaine fhadtéarmach, nuálaíocht agus níos mó comhair idir na gníomhaithe uile a áirithiú.

17. An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach de chuid an Choimisiúin, a dearadh chun athléimneacht ár ndaonlathas a neartú, agus go háirithe chun cumhachtú na saoránach a chur chun cinn trí na meáin, trí shaoirse na meán, trí litearthacht sna meáin agus iolrachas na meán, agus chun sábháilteacht iriseoirí a áirithiú.

18. Na hiarrachtaí a rinneadh chun an comhar a neartú idir rialtóirí laistigh de Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc, agus é d'aidhm feidhmiú cuí mhargaí meán an Aontais a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn sna margaí sin.

19. Iarrachtaí na mBallstát an Treoir athbhreithnithe maidir le seirbhísí meán closamhairc[2], an Treoir maidir le craoladh satailíte agus atarchur cábla[3] agus an Treoir maidir le cóipcheart[4] a chur chun feidhme go mear agus go comhleanúnach, chun na dálaí is gá a chruthú chun borradh a chur faoin téarnamh agus chun inbhuaine agus athléimneacht earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc a neartú.

---

[2] Treoir 2010/13/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808.

[3] Treoir 93/83/CEE ón gComhairle arna leasú le Treoir (AE) 2019/789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[4] Treoir (AE) 2019/790.

CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS:

A ábhartha agus a thábhachtaí atá na gníomhaíochtaí go léir atá sa Phlean Gníomhaíochta, agus a phráinní atá sé na nithe seo a leanas a chur chun feidhme:

20. An uirlis ar líne, arb é is aidhm di faisnéis atá saincheaptha agus furasta a rochtain a chur ar fáil maidir le deiseanna cistiúcháin ón Aontas d’earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, ionas go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile in ann rochtain mhear agus éasca a fháil ar fhaisnéis faoi chláir agus glaonna éagsúla.

21. An tionscnamh MEDIA INVEST, a bhféadfadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacú leis freisin, in éineacht leis na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus arb é is aidhm dó borradh a chur faoin infheistíocht agus tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí neamhspleácha táirgthe agus dáileacháin ard-nuálacha agus cruthaitheacha, chun éagsúlacht an ábhair agus na ngníomhaithe lena mbaineann a chur chun cinn agus neamhspleáchas agus éagsúlacht san earnáil á ráthú ag an am céanna.

22. An tionscnamh NEWS, a dearadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar shainiúlachtaí earnáil na meán nuachta, trí iasachtaí, maoiniú cothromais, gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus deontais lena dtacaítear le samhlacha nua gnó a thástáil, iriseoireacht chomhoibríoch agus trasteorann, oiliúint agus soghluaisteacht gairmithe ar fad a thabhairt le chéile, agus Fóram Eorpach do na Meáin Nuachta a chruthú inar féidir leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, dúshláin, deiseanna, saincheisteanna maidir le beartais na meán nuachta agus bealaí chun sábháilteacht iriseoirí a mhéadú a phlé.

23. Cruthú spáis sonraí do na meáin a chothú mar bhonneagar sonraí coiteann Eorpach a bheidh bunaithe ar chomhchaighdeáin, idir-inoibritheacht agus rialachas chun tacú le foilsitheoirí nuachta, craoltóirí agus cuideachtaí meán eile chun samhlacha gnó sonraíbhunaithe, réitigh agus feidhmchláir nuálacha a fhorbairt.

24. Bosca uirlisí don litearthacht sna meáin a fhorbairt, in éineacht le Grúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus an Grúpa Saineolaithe um Litearthacht sna Meáin, chun cabhrú le saoránaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar na meáin agus úsáid éifeachtach, fhreagrach, shofaisticiúil agus chriticiúil a bhaint astu, agus chun ábhar meán a chruthú agus a chomhroinnt go sábháilte agus go freagrach trí ardáin éagsúla.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA:

25. Leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, trí phleananna soiléire agus láidre a thíolacadh chun infheistiú i ndlús a chur leis an gclaochlú digiteach agus in aistriú glas earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, trí fhéachaint an bhféadfaí tionscnaimh ilnáisiúnta a chur ar bun chun iomaíochas na dtionscadal Eorpach a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus chun lucht féachana agus éisteachta Eorpach a chothú.

26. Leanúint d’fhaisnéis agus de dhea-chleachtais a chomhroinnt, go háirithe, maidir le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh tacaíochta poiblí don earnáil closamhairc, lena gcumhdaítear go sonrach táirgeadh agus cur chun cinn ábhair Eorpaigh, chomh maith le bearta éifeachtacha chun tacú leis an aistriú glas agus leis an gcuimsiú sóisialta.

27. Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chomhléiriúcháin Eorpacha, lena n-áirítear trína áirithiú go gcuirfear ionstraimí tacaíochta comhoiriúnacha ar fáil le cistí closamhairc.

28. A áirithiú go gcuirfear chun feidhme na hoibleagáidí a bhaineann le saothair Eorpacha agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí ar éileamh agus, ag an am céanna, bealaí a fhiosrú lena n-éascófaí an cháilíocht ‘saothair Eorpacha’ a chur ar fáil do sholáthraithe agus do rialtóirí seirbhísí meán, lena n-áirítear trí uirlisí teicneolaíochta (amhail LUMIERE VOD) ar an leibhéal Eorpach.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ AIGE:

29. Tionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus deiseanna líonraithe agus comhair a chur chun cinn chun cabhrú le gníomhaithe beaga sna meáin a bhfuil níos lú acmhainní acu chun déileáil leis na nósanna imeachta casta a thugann rochtain ar chláir chistiúcháin.

30. Féachaint ar ról earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc i nDeacáid Dhigiteach na hEorpa maidir leis an méid a chuireann siad leis an gclaochlú digiteach, leis an téarnamh agus le ceannaireacht idirnáisiúnta a chur chun cinn faoi 2030.

31. Aistriú glas earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc a chur chun cinn agus, ag an am céanna, é a cheangal leis an téarnamh eacnamaíoch as paindéim COVID-19 trí dhea-chleachtais a mhalartú, agus leas á bhaint as meáin amhail ardán an Chomhshocraithe Aeráide Eorpaigh, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as na sineirgí agus na forbairtí is déanaí a bhaineann le háireamháin chomhshaoil agus córais rátála le haghaidh léiriú inbhuanaithe scannán agus gníomhaíochtaí closamhairc eile. Ba cheart féachaint ar réamhriachtanais chomhchuibhithe a chruthú don inbhuaine, mar aon le dreasachtaí le haghaidh scannánú glas agus teastais scannánaíochta glaise a chur chun feidhme.

32. Comhleanúnachas, inrochtaineacht agus sineirgí a neartú idir cláir chistiúcháin an Aontais, eadhon Eoraip na Cruthaitheachta, an Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, InvestEU agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe, chun cur chun feidhme éifeachtach an Phlean Gníomhaíochta agus inbhuaine na mbeart is gá le haghaidh téarnamh agus claochlú fadtéarmach a áirithiú.

33. Meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, d'fhonn an gá atá le hoiriúnú a mheas.

34. Dlús a chur le cúrsaíocht ábhair Eorpaigh laistigh den Eoraip agus go hidirnáisiúnta, trí chomhar a éascú maidir le táirgeadh agus dáileadh, lena n-áirítear comhléiriúcháin agus samhlacha gnó nuálacha, a mbíonn an dá cheann acu bunaithe go minic ar chearta ceadúnúcháin a leithdháileadh ar bhonn críochach agus eisiach.

35. Dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhaineann leis agus, más gá, é a oiriúnú d'fhorbairtí sa mhargadh nó gníomhaíochtaí breise a chur i láthair.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

36. A áirithiú go mbeidh creat reachtach agus beartais ann lena gcuirfear ar chumas ghníomhaithe na meán an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a. luach airgid a chur ar a n-ábhar, mar a luaitear sna conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint;

   b. féachaint an bhféadfaí foinsí maoiniúcháin agus roghanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha a éagsúlú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, chun athléimneacht agus iomaíochas domhanda earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc a áirithiú;

   c. teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a imscaradh in earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc, go háirithe teicneolaíochtaí atá bunaithe ar an intleacht shaorga, chun cur ar chumas na ngeallsealbhóirí na deiseanna a thapú agus leas a bhaint as na tairbhí a eascraíonn as úsáid na dteicneolaíochtaí sin agus cearta agus luachanna bunúsacha á n-urramú ag an am céanna, lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse na meán, éagsúlacht agus iolrachas an ábhair Eorpaigh;

d. teacht slán as an ngéarchéim a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19 trí rochtain ar thacaíocht airgeadais phoiblí a éascú;

e. tacú le comhar trasteorann idir gníomhaithe an mhargaidh closamhairc ionas go mbeidh an margadh in ann leathnú agus dul in iomaíocht ar an leibhéal Eorpach agus domhanda trí ábhar a tháirgeadh agus a dháileadh a d'fhéadfadh lucht féachana agus éisteachta idirnáisiúnta a mhealladh.

37. Comhoibriú agus dea-chleachtas a mhalartú maidir le hábhar closamhairc Eorpach agus so-aimsitheacht agus infhionntacht níos éasca a chur chun cinn, agus saoirse ealaíne, éagsúlacht agus cruthaitheacht a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i dtallann agus i gcruthúcháin Eorpacha agus trí thacú leo.

38. Obair i gcomhar le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht d'iriseoirí gairmiúla, d'ionaid iriseoireachta, do scoileanna agus d'ollscoileanna chun fothú acmhainneachta sna meáin nuachta a neartú, agus aird faoi leith á tabhairt ar eitic agus ar inniúlachtaí digiteacha, chun iriseoireacht ardchaighdeáin agus athléimneach a bhaint amach.

39. Tacú le forbairt scileanna i bpríomhréimsí le haghaidh thodhchaí na meán nuachta agus cuideachtaí closamhairc trí acmhainneachtaí gairmiúla a neartú chun iad féin a oiriúnú do na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

40. Obair i ndlúthchomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile atá gníomhach i réimse na meán, amhail Comhairle na hEorpa agus UNESCO, chun sineirgí a aimsiú idir tionscnaimh arna gceapadh chun tacú leis an téarnamh agus leis an gclaochlú agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh mar aon le neamhspleáchas agus iolracht earnálacha na meán nuachta agus an chlosamhairc á gcosaint ag an am céanna.

41. An dea-chleachtas a mhalartú agus tacú le litearthacht sna meáin chun scileanna criticiúla na saoránach a neartú agus chun cabhrú leo roghanna eolasacha a dhéanamh agus ábhar meán a chruthú agus a chomhroinnt ar bhealach sábháilte freagrach ar ardáin éagsúla.

42. Rannchuidiú le hacmhainneacht Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA) a neartú agus comhar idir gníomhaireachtaí náisiúnta maoiniúcháin na scannánaíochta agus an chlosamhairc agus na húdaráis ábhartha a chur chun cinn.

43. Obair a dhéanamh chun réitigh a aimsiú lena gcumasófar ráthaíochtaí árachais chun an riosca a bhaineann le COVID-19 do tháirgeadh closamhairc a chumhdach, go háirithe, agus béim ar leith á leagan ar chomhléiriúcháin.

44. Páirt a ghlacadh in idirphlé leis an tionscal closamhairc, ina mbeidh údaráis náisiúnta rannpháirteach, chun céimeanna nithiúla a thabhairt chun rochtain níos leithne ar ábhar agus infhaighteacht ábhair laistigh den mhargadh inmheánach a chur chun cinn, i gcomhréir le rialacha cóipchirt, agus chun cabhrú le hearnáil closamhairc na hEorpa lucht féachana agus éisteachta nua a mhealladh agus raon leathan ábhair a chur ar fáil do thomhaltóirí, agus iomaíochas agus luach saothair cothrom na hearnála á gcur chun cinn ag an am céanna agus an ról atá ag leithdháileadh críochach agus eisiach na gceart ceadúnúcháin i maoiniú na hearnála closamhairc agus thionscal na scannánaíochta á chur san áireamh.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

### Doiciméid ábhartha bheartais

An Chomhairle Eorpach

- *Conclúidí a glacadh ag cruinniú urghnách an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair* 2020 (EUCO 13/20).
- *Conclúidí a glacadh ag cruinniú urghnách an 17-21 Iúil 2020* (EUCO 10/20).
- *Clár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024* (a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019).

Dearbhuithe Aireachta

- *Declaration on culture in times of COVID-19 crisis (April 2020)* [Dearbhú maidir leis an gcultúr in aimsir ghéarchéim COVID-19 (Aibreán 2020)].
- *The Bucharest Declaration of the Ministers of Culture and their representatives on the role of culture in building Europe's future* [Dearbhú Bhúcairist ó na hAirí Cultúir agus a gcuid ionadaithe maidir le ról an chultúir chun todhchaí na hEorpa a chothú, Aibreán 2019].

Comhairle an Aontais Eorpaigh

- *Council conclusions on safeguarding a free and pluralistic media system* [Conclúidí ón gComhairle maidir le córas meán atá saor agus iolraíoch a chosaint] (IO C 422, 7.12.2020, lch. 8).
- *Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú* (IO C 202, 16.6.2020, lch. 1).
- *Council conclusions on media literacy in an ever-changing world* [Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin i ndomhan atá ag síorathrú] (IO C 193, 9.6.2020, lch. 23).
- *Council conclusions on the strengthening of European content in the digital economy* [Conclúidí ón gComhairle maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú](IO C 457, 19.12.2018, lch. 2).
- *Council conclusions on developing media literacy and critical thinking through education and training* [Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint] (IO C 212, 14.6.2016, lch. 5).

An Coimisiún Eorpach

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *On the European democracy action plan* [Maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach], COM(2020) 790 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *European Climate Pact*, [An Comhshocrú Aeráide Eorpach] (COM(2020) 788 final).

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú], COM(2020) 784 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Making the most of the EU's innovative potential An intellectual property action plan to support the EU's recovery and resilience* [An leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta an Aontais - Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais] COM(2020) 760 final.

- Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún - *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú], COM(2020) 67 final.

Comhairle na hEorpa

- *Recommendation CM/Rec(2018)1[1] of the Committee of Ministers to Member States on media pluralism and transparency of media ownership* [Moladh CM/Rec(2018)1[1] ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le hiolrachas na meán agus trédhearcacht a n-úinéireachta].

- *Recommendation CM/Rec(2018)2 of the Committee of Ministers to Member States on the roles and responsibilities of internet intermediaries* [Moladh CM/Rec(2018)2 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le róil agus freagrachtaí idirghabhálaithe idirlín].

- *Declaration by the Committee of Ministers on the financial sustainability of quality journalism in the digital age, Decl(13/02/2019)2* Dearbhú ó Choiste na nAirí maidir le hinbhuaine airgeadais na hiriseoireachta ar ardcháilíocht sa ré dhigiteach Decl(13/02/2019)2].